

DSTE – DEIS SOGHLUAISTEACHTA THUAISCEART NA HEORPA (2026)

Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spríodhata: 11.59 pm (am lár na hEorpa), 18.09.2026

Clár ábhair

1. Maidir le DSTE	2
1.1 Cad is Deis Soghluaiстеachta Thuaisceart na hEorpa (DSTE) ann?	2
1.2 Cuspóirí DSTE	2
1.3 Cé dóibh DSTE?	2
1.3.1. Critéir incháilitheachta	3
1.3.2. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?	4
1.4. An méid is féidir leat do dheontas DSTE a chaitheamh air	5
1.4.1. An méid nach féidir leat do dheontas DSTE a chaitheamh air	5
1.4.2. Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?	6
2. Sula ndéanann tú iarratas do DSTE	6
2.1. DSTE 2026 Amlíne agus dátaí tábhachtacha.....	6
2.2. An próiseas iarratais agus ábhair riachtanacha.....	6
2.3 Inrochtaineacht agus lonchuimsitheacht - Costais Rochtana Phearsanta.....	7
3. Tar éis duit iarratas a dhéanamh ar DSTE	8
3.1 An Próiseas cinnteoireachta	8
3.2 Critéir Mheasúnaithe	8
3.3 Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin d'iarratasóirí rathúla?.....	10
3.4. Cad a tharlaíonn má tá ceist agam?	10

1. Maidir le DSTE

1.1 Cad is Deis Soghluaisteachta Thuaisceart na hEorpa (DSTE) ann?

Seolta in 2025, is clár é Deis Soghluaisteachta Thuaisceart na hEorpa (DSTE) le haghaidh soghluaisteachta agus malartú ealaíonta. Faigheann sé tacaíocht ón Nordic Culture Fund agus ó ghníomhaireachtaí maoinithe ealaíon na hÉireann, Shasana, Thuaisceart Éireann, na hAlban agus na Breataine Bige.

Mar chomharsana gar dá chéile, is spás idirnáisiúnta comhroinnte iad na tíortha Nordacha, an Ríocht Aontaithe agus Éire ina bhfuil talamh torthúil le haghaidh comhoibrithe cruthaitheacha. Mar sin féin, chuidigh roinnt forbairtí le blianta beaga anuas le comhoibriú ealaíonta idirnáisiúnta a dhéanamh níos deacra ar fud an réigiúin, lena n-áirítear teannas geopholaitiúil atá ag dul i méid, éiginnteacht eacnamaíoch atá ag méadú agus imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Díríonn an clár ar ealaíontóirí aonair agus ar chleachtóirí ealaíon i gcéimeanna luatha a ngairmréime. Léiríonn sé aitheantas comhroinnte i measc na gcomhpháirtithe go bhfuil gá ar leith ag an ngrúpa seo le tacaíocht agus deiseanna breise i bhfianaise chúrsaí an lae inniu.

1.2 Cuspóirí DSTE

Cuireann an clár le mian chómhálartach na féidearthachtaí cruthaitheacha a leathnú do chleachtóirí ar fud shaol cultúrtha Thuaisceart na hEorpa. Déanann sé amhlaidh trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'ealaíontóirí i dtreo tionscnaimh phraiticiúla chomhoibríocha a rachaidh chun tairbhe d'ealaíontóirí rannpháirteacha agus do na pobail ealaíon i gcoitinne i dtíortha páirtíochta.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí comhroinnte an chláir:

- Ealaíontóirí agus cleachtóirí ealaíon atá ag teacht chun cinn a spreagadh agus tacú leo chun oibriú go muinéach le comhpháirtithe idirnáisiúnta.
- Comhoibriú idirnáisiúnta a chothú.
- Líonraí ealaíonta nua a fhorbairt agus a neartú ar fud réigiún Thuaisceart na hEorpa.
- Tiomantas a thaispeáint don inrochtaineacht agus don ionchuimsitheacht do phobail agus do ghuthanna éagsúla ar fud an réigiúin.

1.3 Cé dóibh DSTE?

Le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gclár seo,

- Ní mór duit a bheith i d'ealaíontóir aonair nó i do chleachtóir ealaíon aonair a bhfuil cónaí ort i:

- gceann de na tíortha Nordacha
- gceann de cheithre thír na Ríochta Aontaithe
- bPoblacht na hÉireann.

- Tá an clár dírithe ar ealaíontóirí agus ar chleachtóirí ealaíon atá **ag teacht chun cinn** ina ngairmeacha ealaíonta.

BOSCA ANUAS - Cad is brí le 'ag teacht chun cinn'?

-Is le haghaidh comhoibrithe trasréigiúnacha an ghairm seo. Ciallaíonn sé seo, má tá tú lonnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i bPoblacht na hÉireann, go gcaithfidh sonraí a bheith i d'iarratas faoin gcaoi a bhforbróidh tú comhoibriú le comhpháirtí sa Réigiún Nordach. Os a choinne sin, má tá tú lonnaithe sa réigiún Nordach, ní mór sonraí a bheith i d'iarratas faoin gcaoi a bhforbróidh tú comhoibriú le comhpháirtí sa Ríocht Aontaithe nó i bPoblacht na hÉireann.

BOSCA ANUAS - Cad is brí le 'comhoibriú trasréigiúnach'?

- Ní mór do gach comhpháirtí a bhfuil baint acu leis an iarratas teacht ar chomhaontú soiléir maidir le raon feidhme na comhpháirtíochta sula gcuirtear an t-iarratas isteach.

-Níl an clár seo oscailte ach d'iarratasóirí nach bhfuair tacaíocht faoi DSTE in 2025.

Ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil rochtain ag cách ar na deiseanna. Táimid ag lorg iarratas ina léirítear éagsúlacht iomlán na bhféiniúlachtaí agus na bpobal ar fud gach tíre ar comhpháirtí í, go háirithe.

1.3.1. Critéir incháilitheachta

Chun a bheith incháilithe iarratas a dhéanamh, ní mór duit na critéir thíos a chomhlíonadh.

- - Ní mór duit a bheith i d'ealaíontóir aonair nó i do chleachtóir ealaíon aonair a bhfuil cónaí ort i:

gceann de na tíortha Nordacha:

- An Danmhairg,
- Oileáin Fharó,
- An Fhionlainn,
- An Ghraonlainn,
- An Íoslainn,
- An Iorua,
- An tSualainn, nó

- Oileáin Åland
- **Poblacht na hÉireann**
- **An Ríocht Aontaithe:**
 - Sasana
 - Tuaisceart Éireann
 - Albain
 - An Bhreatain Bheag
- Ní mór do pháirtí comhoibritheach (ealaíontóir/ealaíontóirí, cleachtóir/cleachtóirí ealaíon, nó eagraíocht) a bheith lonnaithe sa réigiún freasúrach ina bhfuil tú lonnaithe: Ní féidir le healaíontóirí a bhfuil cónaí orthu i dtír Nordach iarratas a dhéanamh ach amháin chun oibriú le comhpháirtí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i bPoblacht na hÉireann, agus a mhalairt.
- Ní mór duit a bheith ag cur isteach ar chomhpháirtíocht nó comhoibriú nua, agus ní mór duit a bheith tar éis dul i dteagmháil leis an duine nó leis an eagraíocht lenar mian leat oibriú. Ní mór duit litir nó ríomhphost comhaontaithe/tacaíochta a chur ar fáil chun é sin a chruthú.
- Ní mór cúlra agus cuntas teiste a bheith agat maidir le bheith ag obair mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon agus is féidir leat CV a chur ar fáil a léiríonn é seo.
- Ní féidir leat a bheith páirteach ach in **aon** iarratas amháin ar an gciste seo.
- Ní mór duit cuntas bainc a bheith agat i do thír chónaithe.
- Ní mór duit do chomhoibriú a chur i gcrích laistigh de bhliain amháin tar éis duit deontas a fháil.

1.3.2. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid in ann glacadh le d'iarratais más rud é:

- Go bhfuair tú tacaíocht faoi DSTE in 2025.
- Gur duine aonair thú atá ag iarraidh oibriú le comhpháirtí nach bhfuil lonnaithe i réigiún Thuaisceart na hEorpa, agus nach bhfuil lonnaithe sa réigiún 'ina choinne' ina bhfuil tú lonnaithe
- Gur eagraíocht thú - *ach d'fhéadfaí eagraíochtaí a áireamh i dtionscnaimh bheartaithe mar chomhpháirtí.*
- Gur comhghrúpa Ealaíontóirí thú lena mbaineann roinnt ealaíontóirí aonair nó ealaíontóir atá ag déanamh iarratais thar ceann an chomhghrúpa.
- Go bhfuil tú i do mhac léinn in oideachas lánaimseartha (scoláire fochéime, iarchéime agus PhD)
- Go bhfuil tacaíocht á lorg agat chun obair atá á déanamh agat mar chuid d'intéirneacht nó d'obair dheonach a dhéanamh.
- Go bhfuil tú ag lorg cistí chun freastal ar chónaitheacht ealaíonta.
- Gur duine aonair thú atá ag iarraidh staidéar a mhaoiniú nó an ciste a úsáid chun íoc as cúrsaí gairmiúla.

- Gur duine aonair thú atá ag lorg maoiniú do thionscadail scannánaíochta.
- Gur duine aonair thú ar mian leat dul ar camchuart nó saothar atá agat cheana a thaispeáint thar lear.

1.4. An méid is féidir leat do dheontas DSTE a chaitheamh air

Is féidir iarratais a dhéanamh ar ghníomhaíocht fhisiciúil, dhigiteach ní hibrideach mar fhreagairt ar aidhmeanna an chláir. Táimid ag súil go mbeidh iarratais ag díriú ar na céimeanna luatha de chomhpháirtíocht agus comhoibriú nua. Mar shampla, d'fhéadfadh costais atá incháilithe faoin ngairm a bheith san áireamh, cé nach bhfuil siad teoranta do na nithe seo a leanas:

- Táillí ealaíontóirí (duit féin agus do do chomhpháirtithe araon, lena n-áirítear comhpháirtithe rannphárteacha eile)
- Malartú criticiúil agus taighde
- Meantóireachtaí e.g. malartú modhanna oibre, traidisiún, agus próiseas.
- Fothú acmhainneachta e.g. scileanna, acmhainní, struchtúir a neartú
- Treoirthionscadal ar mhionscála a chruthú/a dheardh le haghaidh comhoibriú amach anseo
- Rannpháirtíocht an phobail, amhail imeachtaí rannpháirtíochta, cainteanna, ranganna, etc.
- Costais taistil agus lóistín le haghaidh forbairt comhpháirtíochta.

Ní theastaíonn aon aschur ealaíonta taibhitheach uainn ó do dheontas. Más mian leat, is féidir leat cuid de do bhuiséad a chaitheamh ar thaighde agus ar fhorbairt mar ullmhúchán do ghníomhaíocht den sórt sin ag céim níos déanaí.

Cuirimid fáilte roimh iarratais ar ghníomhaíochtaí comhpháirtíochta ina ndéantar machnamh ar thionchar a gcuid pleananna ar an gcomhshaol.

1.4.1. An méid nach féidir leat do dheontas DSTE a chaitheamh air

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith na gcostas seo a leanas:

- Caiteachas caipitiúil – amhail trealamh a cheannach
- Páirt a ghlacadh i gcónaitheachtaí ealaíonta
- Íocaíocht as cúrsaí gairmiúla
- Gníomhaíochtaí a thosaíonn sula bhfaigheann tú deontas
- Costais atá clúdaithe ag foinsí maoinithe eile
- Camchuart do shaothair
- Gníomhaíochtaí a ghineann brabús

1.4.2. Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?

Is é **DKK 75,000 (thart ar EUR 10,000)** an t-uasmhéid dámhachtana is féidir linn a bhronnadh ar gach iarratas rathúil

Beidh an maoiniú iomlán atá ar fáil don bhabhta seo thart ar DKK 2,500,000 (thart ar EUR 345,000, ag ligean do rátaí malairte). Ciallaíonn sé sin go mbeidh neart iarratais mhaithe ann nach mbeimid in ann a mhaoiniú.

Measaimid go ndéanfaimid thart ar 33 dámhachtain, a mbeidh luach suas le DKK 75,000 ag baint le gach ceann díobh (timpeall EUR 10,000). Bronnfar deontais i gCoróin na Danmhairge (airgeadra oibriúcháin an Nordic Culture Fund, a riarfaidh an deontas).

2. Sula ndéanann tú iarratas do DSTE

2.1. DSTE 2026 Amlíne agus dátaí tábhachtacha

Meitheamh 2026: Foilsiú Threoirlínte DSTE 2026

25 2026: Seimineár Gréasáin Arts InfoPoint UK maidir le DSTE 2026

17 Lúnasa 2026: Osclaíonn tairseach iarratais DSTE

18 Meán Fómhair 2026 (24.00 am lár na hEorpa): Dúnann tairseach iarratais DSTE

Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2026: Tréimhse mheasúnaithe

Samhain 2026: Painéal Cinntí

Lár mhí na Samhna 2026: Fógraí DSTE 2026

Dáta tosaigh an tionscadail: tráth nach luaithe ná deireadh mhí na Samhna 2026

Dáta deiridh an tionscadail: Deireadh mhí na Samhna 2027.

2.2. An próiseas iarratais agus ábhair riachtanacha

Is féidir leat d'iarratas a chur isteach trí [thairseach iarratais an Nordic Culture Fund](#). Ní féidir linn glacadh le hiarratais ach amháin tríd an tairseach ar líne. Ní féidir linn glacadh le hiarratais ar pháipéar.

Nuair a bheidh an clár ar oscailt le haghaidh iarratas, beidh foirm iarratais ar líne ar fáil ar an tairseach iarratais ar líne. Ní mór duit é a chur isteach roimh an spriocdháta, in éineacht leis na nithe seo a leanas:

- do CV
- litir/ríomhphost cuiridh ó do chomhpháirtí roghnaithe.

Cuirfear roinnt gearrcheisteanna ar an bhfoirm iarratais faoin méid seo a leanas:

- Tú féin agus do chleachtas, lena n-áirítear an chaoi a measann tú go bhfuil tú ag teacht chun cinn i do ghairm ealaíonta.

- Cén fáth ar roghnaigh tú do chomhpháirtí agus céard a dhéanfaidh sé sa chomhoibriú.
- An méid is mian leat a bhaint amach má fhaigheann tú deontas.
- Cén tionchar a bheadh aige ar do chleachtas leanúnach.
- Acmhainneacht forbairtí amach anseo agus buntáistí réigiúnacha trí chéile.

Iarrfar ort freisin sceideal na bpríomhghníomhaíochtaí a chur isteach agus miondealú bunúsach buiséid. I do bhuiséad, ba cheart duit aon chostais a bhfuil sé ar intinn agat a bheith agat a liostú:

- táillí ar am ealaíontóirí agus ar am do chomhpháirtí/do chomhpháirtithe
- Taisteal
- Víosaí (más cuí)
- Lóistín
- Liúntais laethúla/cothú
- Costais an chomhoibrithe dhigitigh
- Ionaid/stiúideo ar cíos
- Árachas
- (Margaíocht)
- Aistriúchán / ateangaireacht

Íocfar deontais i gcorónacha na Danmhairge, mar sin iarraidimid ort do bhuiséad a chur isteach in DKK. Socrófar ráta malairte sula n-osclofar an tairseach. Cuirfear an fhaisnéis riachtanach ar fáil san fhoirm iarratais duit chun aon mhalartú a dhéanamh ó d'airgeadra féin.

2.3 Inrochtaineacht agus Ionchuisitheacht - Costais Rochtana Phearsanta

Ba mhaith linn an próiseas iarratais ar an gclár seo a dhéanamh inrochtana do gach duine ar mian leo iarratas a dhéanamh.

Má theastaíonn tacaíocht rochtana phearsanta uait chun iarratas a chomhlánú, is féidir linn ábhair a sholáthar i bhformáidí inrochtana mar PDF formáidithe, gnáth-théacs nó fuaim. Má theastaíonn formáid eile uait, téigh i dteagmháil leis an Nordic Culture Fund ar kulturfonden@norden.org.

Táimid tiomanta dár scéimeanna maoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách. Chun an sprioc seo a bhaint amach, cuirimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil do Chostais Rochtana Phearsanta chun bacainní a bhaint d'ealaíontóirí agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas.

BOSCA ANUAS: Cad atá i gceist againn le Costais Rochtana Phearsanta?

I measc na samplaí de thacaíocht rochtana phearsanta tá na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire teanga chomharthaíochta do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana
- Socruithe taistil speisialta.

Is féidir le costais rochtana phearsanta a bheith sa bhreis ar do bhuiséad gníomhaíochta. Ciallaíonn sé sin, nuair a chuireann tú na costais sin san áireamh, gur féidir le d'iarratas ar mhaoiniú dul thar an uasteorainn iarratais de DKK 75.000 (thart ar EUR 10.000).

Níor cheart costais rochtana bhreise a bheith níos mó ná DKK 10.000. Ciallaíonn sé seo gur féidir leis an iarratas iomlán ar mhaoiniú, lena n-áirítear Costais Rochtana Phearsanta, a bheith suas le DKK 85.000.

Téigh i dteagmháil leis an gCiste Cultúir Nordach (kulturfonden@norden.org), má tá tuilleadh cabhrach nó treorach uait chun iarratas a dhéanamh orthu sin.

3. Tar éis duit iarratas a dhéanamh ar DSTE

3.1 An Próiseas cinnteoireachta

1. Déanfar seiceáil incháilitheachta tosaigh ar gach iarratas a gheobhaidh an Nordic Culture Fund roimh an spriocdháta.
2. Má fhaighimid líon níos airde iarratas ná mar a bhíodas ag súil leis, coinnímid an ceart céim mhionscrúdaithe bhreise a thabhairt isteach.
3. Úsáideann baill foirne ó na gníomhaireachtaí ealaíon comhpháirtíochta agus saineolaithe ón Nordic Culture Fund próiseas measúnaithe foirmiúil chun suas le 60 iarratas a roghnú a mheastar a chomhlíonann critéir an chláir go láidir.
4. Cuirfear na hiarratais sin ar aghaidh chuig painéal cinnteoireachta ar a mbeidh comhaltaí ó gach eagraíocht chomhpháirtíochta.
5. Déanann an painéal cinnteoireachta breithniú ar líon cothrom iarratasóirí, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh
 - a. Ionadaíocht na n-iarratasóirí ar fud éagsúlacht iomlán na bhféiniúlachtaí agus na bpobal i ngach tír chomhpháirtíochta
 - b. cothromaíocht foirmeacha ealaíne agus tíreolaíochta.
6. Is iad ionadaithe ó na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta uile a chomhaontóidh torthaí deiridh an mhaoinithe.
7. Seolfar fógra faoi na torthaí amach trí thairseach iarratais an Nordic Culture Fund.

3.2 Critéir Mheasúnaithe

Déanaimid measúnú ar iarratais de réir na gcritéir seo a leanas:

CRITÉIR 1 – Tábhacht d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí ealaíon sa chuid atá ag teacht chun cinn dá ngairmréim

- An bhfreagraíonn an clár do do riachtanais nó do dhúshláin shonracha reatha sa chuid seo de do ghairmréim?
- An dtéann an comhoibriú chun tairbhe duit mar ealaíontóir aonair agus mar chleachtóir ealaíon i mblianta tosaigh do ghairm ealaíonta, agus an gá atá agat le tacaíocht agus deiseanna i gcúrsaí an lae inniu?

CRITÉAR 2 – Struchtúr an tionscadail – soiléireacht gníomhaíochtaí, sceideal agus buiséad

- An bhfuil an méid atá á iarraidh agus miondealú na gcostas réasúnta maidir leis na gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl?
- An bhfuil an sceideal praiticiúil?
- An bhfuil sé soiléir cad atá ar siúl, cathain agus cé leis? An dócha go mbeidh an éifeacht nó na torthaí inmhianaithe ag na gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu?

CRITÉAR 3 – An chomhpháirtíocht – caighdeán na rannpháirtíochta cómhálartaí

- An léirítear san iarratas conas is cur chuige nua nó difriúil é seo maidir le comhoibriú idirnáisiúnta ar fud na dtíortha Nordacha, na Ríochta Aontaithe, agus Phoblacht na hÉireann?
- An bhfuil réasúnaíocht ann taobh thiar de rogha na gcomhpháirtithe (a gcuid scileanna, a gcleachtas, a gcuid taithí) agus an gcabhróidh comhdhéanamh na comhpháirtíochta an méid atá beartaithe ag an tionscadal a dhéanamh a bhaint amach?
- An bhfuil suim ag na comhpháirtithe uilig sa chomhpháirtíocht? An mbeidh tairbhe le baint ag gach comhpháirtí as an ngníomhaíocht?
- An bhfuil deiseanna suimiúla ann maidir leis an bhforbairt a d'fhéadfadh teacht ar na caidrimh idir na comhpháirtithe?

CRITÉAR 4 – Acmhainneacht forbairtí amach anseo agus buntáistí réigiúnacha trí chéile

- An dtugtar breac-chuntas sa togra ar thionchar féideartha na gníomhaíochta ar gach comhpháirtí? Is féidir go gcuimseoidh sin:
 - cleachtas ealaíonta
 - deiseanna comhoibríochta amach anseo
 - próifíl idirnáisiúnta mhéadaithe
 - teacht ar mhargaí agus ar lucht féachana nua.
- An gcuireann an t-iarratas leis na deiseanna do chleachtóirí ar fud shaol chultúrtha Thuaisceart na hEorpa?
- An bhfuil rún ann an fhoghlaim agus an taithí a roinnt leis an earnáil chruthaitheach trí chéile?

Mar gheall ar líon na n-iarratas is dócha a gheobhaimid agus cumas teoranta ár bpainéil, ní bheimid in ann ach aiseolas teoranta a thairiscint d'iarratasóirí nár éirigh leo. Ní féidir linn aiseolas saincheaptha a thabhairt d'iarratais ar an gclár seo nach n-éiríonn leo agus ní bheidh aon phróiseas achomhairc ann.

3.3 Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin d'iarratasóirí rathúla?

Má éiríonn leat, rachaidh an Nordic Culture Fund i dteagmháil leat chun a chur in iúl duit go bhfuil dámhachtain á tairiscint duit. Cuireann siad comhaontú deontais chugat freisin.

Nuair a bheidh deireadh leis an tionscadal, iarrfar ort tuarascáil a scríobh ar thoradh do chomhpháirtíochta. Ní mór duit an tuarascáil seo a líonadh isteach i gcomhréir le [treoirínite an Nordic Culture Fund](#) maidir leis an tuarascáil chríochnaitheach agus na cuntais chríochnaitheacha.

3.4. Cad a tharlaíonn má tá ceist agam?

Má tá ceist agat, is féidir leat féachaint ar ár leathanach gréasáin Ceisteanna Coitianta.

Má theastaíonn tuilleadh cabhrach uait, téigh i dteagmháil leis an Nordic Culture Fund ar kulturfonden@norden.org.

Fadhbanna teicniúla

Má bhíonn aon fhadhb theicniúil agat a bhaineann le clárú nó le hiarratas a dhéanamh trí thairseach ar líne DSTE, déan teagmháil leis an Nordic Culture Fund ar kulturfonden@norden.org.

Is féidir leat ceisteanna ginearálta a sheoladh chuig ceannaire an chláir DSTE i do thír chónaithe:

Comhairle Ealaíon Shasana

Nicola Smyth – Bainisteoir Sinsearach Idirnáisiúnta
Nicola.smyth@artscouncil.org.uk

Comhairle Ealaíon na hÉireann

Davide Terlingo – Ceann na nEalaíon Idirnáisiúnta
international@artscouncil.ie

Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann

Siobhan Molloy – Oifigeach Forbartha Ealaíon (Ionaid Tionóil, Féilte agus Cúrsaí Idirnáisiúnta)
smolloy@artscouncil-ni.org

Comhairle Ealaíon na Breataine Bige

Zélie Flach – Oifigeach Sinsearach Eorpach
info@wai.org.uk

Alba Chruthachail

Kate Deans – Oifigeach Idirnáisiúnta
kate.deans@creativescotland.com

Nordic Culture Fund

Henriette Sørensen – Comhairleoir agus teagmháil DSTE
Hensoe@norden.org